An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ AR FHOGHLAIM SCOLÁIRÍ AG AN tSRAITH SHÓISEARACH BEALTAINE 2020

TREOIRLÍNTE DO SCOILEANNA

Comhthéacs

- Tá scoláirí i scoileanna Éireannacha a bhfuil an tríú bliain de Shraith Shóisearach 2020 á chríochnú acu tar éis tréimhse foghlama an-suaite in 2019/20 mar thoradh ar nádúr géarchéime Covid-19 nach bhfacthas a leithéid cheana.
- Tá raon leathan cur chuige úsáidte ag múinteoirí agus ag scoileanna chun tionchar na scolaíochta suaite a mhaolú ach, i measc scoileanna agus scoláirí, bhí éagsúlachtaí i dtaithí foghlama scoláirí ar chúiseanna éagsúla nach raibh smacht dá laghad ag scoileanna ná ag scoláirí orthu.
- Ina leithéid de chúinsí, ní féidir le scoláirí tabhairt faoi scrúduithe deiridh na Sraithe Sóisearaí a eagraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit de ghnáth.
- Mar aon leis sin, cé go bhfuil formhór dá measúnuithe rang-bhunaithe (MRB), dá ngearrchúrsaí agus/nó dá n-aonad tosaíochta foghlama (ATF) críochnaithe ag a lán scoláirí, níl sé indéanta críoch a chur go comhsheasmhach le gnáthraon na ngníomhaíochtaí measúnaithe do gach scoláire.
- Sa chomhthéacs seo, ní oireann Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) mar mheicníocht tuairiscithe agus teastasaithe in 2020.
- Tá leagan amach sna treoirlínte seo ar mhalairt socruithe don mheasúnú agus don tuairisciú ar ghnóthachtálacha scoláirí a bhfuil an tSraith Shóisearach á chríochnú acu i mí na Bealtaine 2020.

Príomhghnéithe

In 2020, tabharfar aitheantas do ghnóthachtáil foghlama scoláirí na Sraithe Sóisearaí le foirm theastaithe ar leith a bhfuil sé mar chuspóir aici freastal ar na cúinsí reatha, eisceachtúla atá cruthaithe ag paindéim COVID-19.

Do gach scoláire, beidh dhá ghné ag baint leis an teastasú:

- **Teastas Stáit ar chomhlánú na Sraithe Sóisearaí ón Roinn Oideachais agus Scileanna.** Is cóir do scoláirí Teastas Stáit a fháil a dheimhníonn go bhfuil trí bliana na Sraithe Sóisearaí críochnaithe acu i roinnt ábhar /aonad tosaíochta foghlama. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuirfidh an teastasú seo ar fáil.

- **Tuairisc Scoile a dhéanfaidh cur síos ar na gnóthachtálacha foghlama ag scoláirí na Sraithe Sóisearaí.** Is cóir go bhfaigheadh scoláirí tuairisc scríofa ar an raon leathan foghlama atá bainte amach acu i ngach ábhar, gearrchúrsa agus/nó aonad tosaíochta foghlama ag deireadh na Sraithe Sóisearaí. Is iad na múinteoirí a chuirfidh an measúnú seo ar a bhfoghlaim ar fáil. Tá saoirse ag scoileanna maidir leis an tslí ina ndéanfar an measúnú seo agus an tslí ina ndéanfar formáid na tuairisce a sholáthar.

Measúnú na scoile ar ghnóthachtálacha foghlama scoláirí

- Tarlóidh an measúnú ar ghnóthachtálacha foghlama na scoláirí i ngach ábhar ag leibhéal na scoile agus beidh sé bunaithe ar eolas gairmiúil an mhúinteora ar fhoghlaim gach scoláire. Tá saoirse ag scoileanna an fhoirm is oiriúnaí do mheasúnuithe scoil-bhunaithe a úsáid do chohórt na tríú bliana i 2019/20.

- Tá sé de rogha ag scoileanna úsáid a bhaint as raon fianaise mar bhonn eolais don mheasúnú a dhéantar ar ghnóthachtálacha scoláirí. B'fhéidir go n-úsáidfear:
    - Fianaise atá ar fáil ó thascanna, trialacha, dialanna tascanna, tionscnaimh, obair phraiticiúil agus eile a críochnaíodh thar thréimhse na dara bliana agus na tríú bliana
    - Measúnuithe Rang-Bhunaithe a críochnaíodh sa dara bliain agus sa tríú bliain
    - Scrúduithe, tascanna, tionscnaimh, píosaí oibre, ceisteanna i stíl aiste, cuir i láthair, nó tascanna eile a roghnaigh an múinteoir ó raon cur chuige a aontaíodh ag leibhéal na scoile.

- Is cóir do gach scoil cur chuige scoile uile a ghlacadh i leith an mheasúnaithe agus na tuairiscithe ar ghnóthachtáil scoláirí tar éis dul i gcomhairle le múinteoirí scoláirí na tríú bliana chun a fháil amach cad é an modh measúnaithe is oiriúnaí do ghrúpa na tríú bliana agus do na hábhair ar leith. Is cóir do bhord na scoile dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le scoláirí faoi na gníomhartha atá beartaithe ag an scoil do na measúnuithe dheireadh na bliana atá pleanáilte.

- Do gach ábhar, is cóir do mhúinteoirí an ábhair ar leith cinneadh a dhéanamh faoin bhfianaise foghlama atá le húsáid agus faoi aon mhodh measúnaithe a

roghnófar i gcomhthéacs an chuir chuige scoile uile a nglactar leis thuas. Tá aithne ag na múinteoirí ar a scoláirí agus is féidir leo cothromaíocht a thabhairt do roinnt tosca nuair a bhíonn siad ag teacht ar an modh measúnaithe is oiriúnaí dá scoláirí.

- Is cóir aon mheasúnú breise nó aon chineál tasc dheireadh na bliana eile a aontaítear do scoláirí a bheith teoranta ó thaobh scóipe, i ngeall ar an bhfoghlaim shuaite a bhí mar thaithí ag scoláirí in 2020, agus is cóir a thuiscint go mb'fhéidir nach mbeidh ar chumas scoláirí áirithe a leithéid de thascanna measúnaithe breise a dhéanamh mar gheall ar rudaí a bhaineann le paindéim Covid-19.

- Is cóir don mhúinteoir ranga aon mheasúnuithe scoilbhunaithe a dhearadh agus a mharcáil. Is cóir go gcuirfí san áireamh sa mhodh nó san fhormáid a úsáidtear don mheasúnú (mar shampla, formáid scríofa nó leictreonach) an rochtain atá ag scoláirí ar an modh a roghnaítear. Is cóir go mbeadh gach scoláire sa rang ábalta an fhormáid mheasúnaithe a roghnaítear a rochtain.

- Chun cothromas a dheimhniú, is cóir ualú breise a thabhairt d'obair a bhí déanta ag scoláirí sular dúnadh na scoileanna ar 12 Márta 2020. Is féidir aitheantas a thabhairt d'obair a críochnaíodh i ndiaidh an dáta sin ach is cóir do mhúinteoirí aird a thabhairt ar an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar chumas scoláirí a bheith gafa leis an bhfoghlaim tar éis 12 Márta 2020 agus ar a gcumas aon tascanna measúnuithe breise a dhéanamh. Mar shampla, d'fhéadfadh nach raibh roinnt scoláirí ábalta tascanna measúnaithe breise a dhéanamh mar gheall ar rudaí a bhain le géarchéim Covid-19. Ina leithéid de chásanna, d'fhéadfadh measúnú ar fhoghlaim an scoláire, agus an tuairisc ghnóthachtála a eiseoidh an scoil, a bheith bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh roimh 12 Márta 2020.

- Nuair is cuí, is cóir scoláirí le riachtanais speisialta oideachais (RSO) a chur san áireamh nuair a bhíonn modh nó formáid an mheasúnaithe á roghnú agus is cóir cuir chuige difreálaithe a sholáthar ionas gur féidir le scoláirí le RSO fáil a bheith acu ar mhodh measúnaithe cuí, ar féidir é a oiriúnú dá gcomhthéacsanna ar leith.

- Is cóir go mbeadh deis ag scoláirí aon mheasúnuithe breise a chríochnú laistigh de fhráma ama soiléir. Is cóir, i gcomhpháirt le chéile sa scoil, fráma ama soiléir a chruthú chun measúnuithe a chríochnú agus is cóir é seo a athbhreithniú ag leibhéal na scoile uile lena dheimhniú go mbíonn cothromas sna frámaí ama agus gur féidir iad a bhaint amach. I ngach cás, is cóir gach measúnú a bheith críochnaithe agus marcáilte roimh 29 Bealtaine 2020.

An tuairisc a sholáthar do scoláirí

- Is cóir go bhfaigheadh scoláirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí tuairisc scríofa ar an measúnú ar fhoghlaim an scoláire i ngach ábhar, gearrchúrsa agus/nó aonad tosaíochta foghlama.

- Is féidir gráid nó tuairiscíní a sholáthar ar an tuairisc seo. Is féidir freisin na tuairiscíní a bronnadh ar mheasúnuithe rang-bhunaithe (MRB) agus/nó ar aonaid tosaíochta foghlama a chur ar fáil go leithleach.

- Is cóir go mbeadh deis ag scoileanna tuairisciú ar ghnéithe gnóthachtála eile sa tuairisc lena n-áirítear an clár folláine a bhíonn déanta ag scoláirí.

- Is féidir le scoileanna teimpléad tuairiscithe atá ar fáil ón CNCM a úsáid ach tá sé de chead ag scoileanna úsáid a bhaint as a bhformáid tuairiscithe féin.

- Is cóir an tuairisc a chur ar fáil do scoláirí agus dá dtuismitheoirí/caomhnóirí chomh luath agus is féidir tar éis dheireadh na scoilbhliana 2019/20.

Soláthar ar Theastasú Stáit

- Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna teastas ar fáil do gach scoláire ina gcuirfear in iúl gur críochnaíodh clár staidéir na Sraithe Sóisearaí, lena n-áireofar liosta na n-ábhar, na ngearrchúrsaí agus/nó na n-aonad tosaíochta foghlama a ndearnadh staidéar orthu mar aon leis an leibhéal ag a ndearnadh staidéar ar gach ábhar.

- Tiocfaidh na sonraí ón mBunachar Sonraí ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (PPOD) agus ní shárófar an uasmhéid 10 n-ábhar don teastasú mar atá leagtha amach i gCiorclán 0055/2019 (nó níos lú ná sin má bhíonn staidéar déanta ag an scoláire ar ghearrchúrsaí).

- Cuirfear an teastas seo ar fáil go luath sa scoilbhlian 2020/21.

Foghlaimeoirí Fásta

- Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit socruithe ar leith i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí fásta a bhfuil an tsolúbthacht acu staidéar a dhéanamh ar ábhar nó ábhair ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí laistigh de bhliain acadúil amháin.

- Cinnteoidh na socruithe sin go gcuirfear deis ar fáil do na foghlaimeoirí fásta seo an scrúdú deiridh a dhéanamh san ábhar/sna hábhair a bhfuil siad tar éis cur isteach orthu. Tarlóidh na scrúduithe seo sa bhfómhar 2020 agus déanfar an t-am ar leith a bheidh i gceist a shocrú chomh luath agus is féidir.

- Ní bheidh na scrúduithe seo ar fáil ach do scoláirí a shásaíonn na sainchritéir cháilíochta.

---

29 Aibreán 2020